Gaelscoil Eiscir Riada

Bealtaine 2017

Príomhoide

Damhnait

Ón Nuachtlitir deireannach, táimid tar éis a bheith thar a bheith gníomhach le Seachtain na Gaeilge agus Seachtain Ghníomhach! Leis an Comaoineach naofa ar siúl an seachtain seo agus turas scoile R6 go dtí an Ghaeltacht ag teacht aníos anois, tá cuma air go mbeimid fós an-gnóthach is an Samhradh ag druidim linn!

Since our last Newsletter, we have been very busy with Seachtain na Gaeilge and Active Week! With the First Holy Communion this weekend, and the R6 trip to the Donegal Gaeltacht coming up, it looks like we are going to get even busier!

Dátaí tábhachtach/Important dates for your diary

- 06/05/17—Céad Comaoineach @ 11.00 Séipéal Naomh Mhuire
- 29/5/17 @ 20.00 Caint do Thuistí ar Bhia Folláin/*Talk for Parents on healthy and good Eating* Tae & Caifé roimh re! *Tea/Coffee beforehand!*

- 30/5/17 Bricfeasta "Hogwarts" Scoile/ *Healthy Hogwarts Breakfast!*
- 1/6/17—Lá cairdis agus Siúlóid Urraithe /*Friendship day & Sponsored Walk*
- 8/6/17—Lá oscailte do Naíonáin Sóisir nua/ Open day for new Junior Infants @ 2.00-2.30
- Lá Spórt—13/6/17 ag braith ar an aimsir/*Sports day weather permitting*

- 28/6/17—Oíche ghradam Rang 6 @ 7pm

Leabhar liostaí/Booklists 2017/2018

Mar a rinneadh an bhliain seo chaite, cuirfear tús le híocaíochtaí na leabhar liostaí i mí an Mheithimh ach glacfar le híocaíochtaí go dtí 20 Lúnasa. Beidh lascaine clainne ar fáil d'éinne a íocann sa tréimhse seo.

Má tá fadhb airgeadais sa bhaile labhair leis an oifig go discréideach chun plean íocaíochta a chur le chéile.

Ta an coiste sábhála mar rogha eile chun costaisí scoile a laghdú le linn na bliana.

Continuing on from last year, payment for the booklists for 2017/18 will commence in June for the following September. June is the preferred month of payment, however, payments may also be made during the summer holidays, until the 20th of August. All discounts will apply to payments received from 1st June until 20th August 2016.

If you have any financial difficulties at home, please contact the office immediately so an instalment plan can be put in place. This option worked well for many families last year.

Please be advised that the savings club is also available for anyone who wishes to save throughout the year for school costs at the end of the year.

All payments/arrangements must be finalised before commencement of the new school year.

Please note, the preferred method of payment is through our online system, www.gser.ie

Míle buíochas do na Mamaí ar fad ó Rang 1 atá ag cabhrú linn ceiliúradh speisialta a eagrú do pháistí agus clainnte Rang 2 don Chéad Comaoineach.

Many thanks to all the Mammies from Rang 1 who are giving so generously of their time to arrange a school celebration for all the First Communion children in Rang 2 and their families.

GRMA!

Tá athbhreithniú déanta ar an gcód Iompair i mbliana tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann, Coiste na dTuismitheoirí, Daltaí ó R3-6 agus an Bord Bainistíochta. Tá soiléiriú déanta ar na céimeanna a glactar ann agus tá súil againn go mbeidh sé mar chabhair dúinn go léir ag bogadh ar aghaidh. Déanfar Cur i Láthair air ag Cruinniú Cinnbliana Choiste na dTuismitheoirí sa scoilbhliain nua chun cinntiú go dtuigeann gach éinne é. Cuirfear suas ar gser.ie é go luath freisin.

The Code of Behaviour has been reviewed this year after consultation with the staff, Parent's Association, the children from R3-6 and the Board of Management. We have made it clearer what the steps followed in it are and hope it will be useful to all concerned. A presentation will be made on the Cód Iompair at the Parent's Association AGM in the new school year to help all parents understand it. It will be put up soon on gser.ie.

Míle buíochas do Dermott Cunningham, Daidí Darragh Ó Cuinneagáin a chabhraigh linn deontas INTEL $4,100 a fháil don scoil. Táimid fíorbhuíoch díot!

Many thanks to Dermott Cunningham, Darragh Ó Cuinneagáin's Dad, who helped us secure an INTEL educational grant of $4,100 for the school. We are very grateful!



Spórt sa scoil!

Seachtain Ghníomhach: Bhí Seachtain Ghníomhach den chéad scoth againn an seachtain seo chaite! Bhí go leor gníomhaíochtaí ar siúl agus bhí na páistí ag rith sa chlós gach lá chomh maith. Bhí rince craiceáilte ar siúl i rith an lae freisin nuair a thiocfadh ceol ar siúl ar an raidio scoile! Chuir na T-léinte álainn leis an seachtain go mór, buíochas le Coiste na dTuismitheoirí a d'eagraigh agus a dhíol iad dúinn. Táimid ag leanúint linn bheith gníomhach!

We had a first class Active Week last week! There were plenty of activities going on and the children were running laps of the yard every day as well! The children dropped everything and danced whenever music played over the school radio! The lovely T-shirts added to the fun, grma to Coiste na dTuistí who organised and sold them for us.

Taisteal Gníomhach! *Active travel to school was encouraged during this week – parents were out giving stickers to those who walked to school* GRMA!
Obair bhaile gníomhach! *There was Active Homework every night for the week!*
Míle buíochas Pat! *Many thanks to Pat O Dwyer who ran circuits with senior classes during the week!*
Tá briseadh Gafa sna ranganna – GoNoodle, Busybreaks agus Fit4skools. *Every class have active breaks in class using GoNoodle, Busy breaks and Fit3skool.*

Siúlóid Urraithe: Beimid ag déanamh Siúlóid Urraithe ar son na scoile ar an 1/6/17. Beidh cártaí urraíochta ag dul abhaile go gach clann an seachtain seo agus iarraimid oraibh iad a sheoladh ar ais leis an t-airgead bailithe chomh luath agus is féidir. Táimid ag bailiú airgid ar son an gairdín scoile nua mar go bhfuil orainn é a bhogadh ina iomlán ón suíomh ina bhfuil sé. Tá fáilte roimh tuismitheoirí teacht linn ar an siúlóid ar an lá. Seolfaimid níos mó eolais amach níos giorra don am!
We will be doing a Sponsored Walk fro the school on the 1st of June. Sponsorship cards are being distributed to each family this week and we ask that you return them with the money collected as soon as possible. We are collecting for the school garden which has to be started from scratch completely again in it's new site. Parents are welcome to join us on the walk. We will send out more information nearer the time!

Rásaí trastíre: Beidh an rás deireannach den chomórtas tras-tíre ar siúl ar an 11 Bealtaine i bPáirc Chorcaí idir 10rn agus 2in. Tá fáilte roimh lucht féachana! Bhí trialacha sa scoil chun foireann a roghnú do na comórtais raonta. Beidh an fhoireann ag dul go Seantrabh ar 22 Bealtaine agus Léim an Bradán i rith mí Meitheamh. Go n-éirí leo!
The final cross-country race will take place on May 11 in Corcagh Park from 10am until 2pm. Spectators and supports are very welcome! Trials took place during Seachtain Gníomhach to select our school track team. The team will compete in Santry on 22 May and in Leixlip during June. Beat of luck to all involved!

Camógaíocht: Tá séasúr nua camógaíochta tosaithe. Bíonn traenáil gach Luan agus de gnáth bíonn na cluichí ar an gCéadaoin. Tá Aisling agus Aoife an-bhuíoch as na síobanna chuig na cluichí agus don tacaíocht ó na tuismitheoirí.
A new camogie season has begun. Training is on Mondays and matches are usually on a Wednesday. Aisling and Aoife are very grateful to the parents for the lifts to matches and for the great support.

Agus níos mó spóirt!

Rothaíocht: Tá Rang 5 ag baint an-taitneamh as na ceachtanna rothaíochta faoi láthair! *Rang 5 are really enjoying their cycling lessons at the moment!*

Iománaíocht: Tá na buachaillí agus cailíní a imríonn iománaíocht agus camógaíocht amuigh ag traenáil gach Luan anois agus tá go leor cluichí ag teacht. D'imir na buachaillí iománaíochta sinsear sa bhlitz chomórtais sna Sairséalaigh ar an Aoine, 31 Márta. Chuir siad an-iarracht isteach ar an lá. D'éirigh leo cluiche amháin a bhuachaint agus chaill siad cúpla cluiche a bhí cóngarach. D'imir na buachaillí céanna an chéad babhta de chluichí Cumann na mBunscol ar an Déardaoin, 6 Aibreán, i gcoinne Gaelscoil na Camóige i gCluain Dolcáin. Cluiche cóngarach a bhí ann sa chéad leath agus bhí na buachaillí le pointe amháin taobh thiar ag leath ama. Bhí siad ar fheabhas sa dara leath agus d'éirigh leo an bua a fháil sa deireadh ar scór 5-7 go dtí 4-1. Maith sibh a bhuachaillí. Míle buíochas do na tuismitheoirí a thug síobanna do na buachaillí agus a thug tacaíocht dúinn. Bhí sé iontach an méid sin tuismitheoirí a fheiceáil ag an gcluiche.
The boys and girls playing hurling and camogie are out training every Monday and they have plenty of games coming up. The boys' senior hurling team played in a blitz in Lucan Sarsfields on Friday, 31 March. They put in a great effort on the day. They won one game and lost two more games that were close. The same boys played their first round match of the Cumann na mBunscol games on Thursday, 6 April, against Gaelscoil na Camóige in Clondalkin. It was a close game in the first half and the boys were behind by a point at half-time. They were excellent in the second half and ended up winning on a score of 5-7 to 4-1. Well done boys. Míle buíochas to the parents for giving lifts to the boys and for supporting them. It was great to see so many parents at the game.
Dátaí atá socruithe do chluichí iomanaíochta na mbuachaillí i gcomórtais Cumann na mBunscol/ *The Cumann na mBunscol fixtures for the boys' hurling teams are as follows:*
Iomáint Sóisear: 9/5/17 GSER v Divine Mercy; 16/5/17 GSER v Lucan East; 23/5/17 GSER v Naomh Pádraig
Iomáint Sinsear: 4/5/17 GSER v Caisleán Nua

Sacar: Comhghairdeas mór do na cailíní agus buachaillí ó Rang 6 a ghlac páirt insan comórtas sacair SPAR le déanaí. Seo an chéad uair riamh go raibh páistí ag imirt sacair ar son na scoile! *Congratulations to the boys and girls from 6th class who recently took part in the SPAR soccer competition. This is the first time ever we had a GSER team represent us in soccer!*

Míle buíochas do Ríona Ní Shíocháin agus a tu-ismitheoirí Tom agus Susan a dheonaigh an teicneolaíocht 'Google Home' don scoil. Ana flaithúil ar fad! *Thanks a million to Tom & Susan Sheehan who donated a "Google Home" to the school!*

Comhghairdeas mór le Sadhbh Ní Bhuachalla i Rang 4 a bhuaigh comórtas Ealaíne a bhí eagraithe ag an gComhairle Chontae! Rinne Sadhbh postaer iontach a mheabhraigh dúinn conas an méid fuinneamh a úsáidimid a ísliú. *A huge congratulations to Sadhbh Ní Bhuachalla I Rang 4 who won an art competition that was organised by the County Council. Sadhbh created a poster to re-mind us how to reduce the amount of energy we use!*

Ghlac Rang 5 (Daithí) páirt sa chomórtas náisiúnta ríomhchlárú SCRATCH le déanaí. B'éigean do na páistí obair a dhéanamh i ngrúpaí chun cluiche nó beochán a chruthú leis an teanga ríomhchlárú Scratch. Chuir 545 grúpa a gcuid tionscadail isteach sa chomórtas. Don chéad uair riamh i stair GSER d'éirigh le grúpa amháin ón scoil, Nathan Mac Eochaidh agus Luke Andreasen, áit a fháil ar an ghearrliosta de 30 tionscadal. Chuaigh Nathan agus Luke go hOllscoil Luimnigh le déanaí chun a dtionscadal a thaispeáint agus a mhíniú do na moltóirí. Faraor níor éirigh leo gradam a fháil ach tá muintir na scoile fíorbródúil as an méid a rinne siad agus an chaoi a ndeachaigh siad go Luimneach ar son na scoile. Maith sibh buachaillí!

Rang 5 (Daithí) entered the national SCRATCH computer programming competition recently. The children worked in small groups to design and create a computer game or animation using the computer language Scratch. 545 projects were entered by children from all parts of the country. For the first time in GSER's history one of our group's projects, was included in the shortlisted of 30 projects. The members of the group are Nathan Mac Eochaidh and Luke Andreasen. Nathan and Luke travelled to University of Limerick to present and discuss their project with the judges from the Irish Computer Society. Unfortunately the boys didn't win a prize this time. However their classmates and the whole school community are extremely proud of the boys and how they represented the school in Limerick. Great work Nathan & Luke!

Nasc chuig an *photostory* a chruthaigh Luke nuair a chuaigh sé abhaile: http://bit.ly/2pzxWGg

Bhí lá iontach ag Rang 4 sa halla ag taispeáint a chuid róbó Lego don scoil agus na tuismitheoirí. Tá an rang tar éis cur isteach ar chomórtas 'All Aboard 2017' agus tá siad ag tnúth leis na torthaí. *Rang 4 had a great day with their Lego robot display in the halla recently. They have entered the "All Aboard 2017" competition and are eagerly awaiting the results!*

Eason Spelling Bee 2017

Comhghairdeas le Cian Ó Tuathaigh (Rang 5 – Daithí) a chuaigh go dtí craobh Bhaile Átha Cliath Eason Spelling Bee le déanaí ar son na scoile. D'éirigh leis an 5ú áit a bhaint amach. Maith thú Cian!

Congratulations to Cian Ó Tuathaigh (Rang 5 – Daithí) who participated in the Eason Spelling Bee Dublin Final recently. He finished in 5th place. Well done Cian!

Tá cosc ar mhadraí sa chlós agus níl cead iad a cheangailt le ráillí na scoile. *Please note there are no dogs allowed on the school grounds. Please do not attach them to the school railings either.*
GRMA

D'éirigh le foireann ón scoil áit a fháil sa chraobh den chomórtas tráth na gceist a eagraíonn Leabharlanna Comhairle Contae Theas gach bliain. B'ae an céad uair a bhí GSER i láthair. Bhí na ceisteanna deacair go leor ach críochnaigh siad sa 6ú háit. Bhí meascán de pháistí ó rang 5 agus rang 6 ar an fhoireann. Maith sibh Laoise, Seán, Ben, agus Cian!

A school quiz team made it through to the final of the quiz competition that South Dublin Libraries organise each year. This is our school's first time to be represented in the final. The questions were very tough but the team finished in joined 6th place. The team consisted of 2 children from the Rang 6 classes and 2 children from the Rang 5 classes. Well done Laoise, Seán, Ben, and Cian!

Chun timpistí a sheachaint, níl cead rothaíocht nó scútar a úsáid ar thalamh na scoile ag am ar bith!

Please note, in order to avoid accidents, children are not allowed to use bikes or scooters on school grounds at any time!

Gnáth rialacha bóthar i bhfeidhm san ionad "set-down", Dá bhrí sin, níl cead ag daoine a bheith ag labhairt ar fhón póca agus iad ag tiomáint.

Normal rules of the road applicable in "set-down" area of the school, therefore please avoid using mobile phones while driving in this area.

Bhí GSER ar TG4 le Cleas Act agus bhíomar an-bhródúil as an gclár. Is féidir é a fheiceáil ar feadh cúpla lá eile!
GSER were on Cleas Act on TG4 recently and we are very proud of the programme. You can still see it on the TG4 player for the next few days!

Coiste na dTuistí

Táimid an-sceitimíneach faoi Sheachtain Bia Folláin atá á n-eagrú ag Coiste na dTuistí i gcomhairle leis an scoil ón 29 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh.

We are very excited about the Healthy Food Week that Coiste na dTuismitheoirí are organising along with the school from 29 May to 1 June.

Beidh siad ag cur tús leis ar an Luan le caint idirghníomhach le Dr Dan McCartney BSc/Dip Diet, MSc, PhD, MINDI, SRD agus Anna Marie Grehan, RDM, beirt tuismitheoir ón scoil. Beidh siad ag labhairt faoi bhia folláin dúinn go léir, dúinn féin, ár bpáistí agus don chlann ar fad. Beidh siad ag freagairt bhur gceisteanna faoi bhia sláintiúil. Beidh cupán tae/caife ar fáil roimh ré agus tosóidh siad ag 20.00 i halla na scoile.

The week will begin with an interactive session led by Dr Dan McCartney BSc/Dip Diet, MSc, PhD, MINDI, SRD and Anna Marie Grehan, RDM, two parents from the school. They will be speaking about healthy food for all, for ourselves, our children and all the family! They will be answering your questions about healthy food. We will have tea/coffee there beforehand and the talk begins @ 20.00 in the school hall.

Ar maidin Dé Máirt 30 Bealtaine, tá an Coiste tar éis bricfeasta scoile folláin a eagrú. De bharr go bhfuil an chéad leabhar Harry Potter 20 bliain d'aois i mbliana, táimid chun téama "Hogwarts" a úsáid don bricfeasta agus beidh fáilte roimh aon ghléasadh suas mar Harry nó aon charaictéir eile ó na leabhair!

On Tuesday Morning 30 May, the Coiste have organised a healthy school breakfast. As the first Harry Potter book is 20 years old this year, we are going with a "Hogwarts" themed breakfast and would love to see the children dressed as Harry or their favourite character from the books!

Ar an Déardaoin 1 Meitheamh, tosóimid an mhaidin leis an siúlóid urraithe. Beidh tuistí ag teastáil chun siúl leis na ranganna sa pháirc. Má tá tú ar fáil, inis do mhúinteoir do pháiste le do thoil. Nuair a thagann na páistí ar ais chun na scoile , beidh baill ó Choiste na dTuistí ag tabhairt deis dóibh "smoothies" deasa a dhéanamh agus a thriail. Beidh seans acu torthaí a bhlaiseadh freisin.

On Thursday 1 June, the morning will begin with the sponsored walk. We need parents to walk with all the classes so if you are available, please let the class teacher know. When the children return to the school, some members of Coiste na dTuistí will be showing them how to make tasty smoothies and giving them the chance to taste them too! They will also get the chance to taste several fruits.

Míle buíochas le Choiste na dTuistí as ucht é seo go léir a eagrú dúinn. Táimid ag súil go mór leis!

GRMMA to Coiste na dTuistí for organising all this and we are really looking forward to it all!